etbi

Ceangail
Nuachtlitir BOOÉ

*Ar Ais ar Schoil*
Eagrán
Meán Fómhair 2024

FÁILTE CHUIG

# Nuachtlitir BOOÉ

Fáilte chuig an dara heagrán de Naisc, an nuachtlitir ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) a bhfuil sé mar aidhm aici eolas a roinnt, agus bhur gcuid aiseolais a fháil, ar na seirbhísí a chuireann BOOÉ ar fáil don 16 BOO atá mar bhaill againn. Tá os cionn 32,000 ball foirne ag obair ar fud Bhoird Oideachais & Oiliúna na hÉireann agus ba mhaith linn ceiliúradh a dhéanamh ar an mothú bróid atá orainn ar fad maidir leis na seirbhísí a chuireann BOOnna ar fáil d'fhoghlaimeoirí de gach aois i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna, i BOO agus i Seirbhísí Óige.
Ba mhaith linn bhur chuid aiseolais agus moltaí a fháil freisin agus gheobhaidh an moladh is fearr dearbhán bronntanais All Gift €250.Féach ár suirbhé ar leathanach 4.

## Agallamh le hÁine Lynch, POF Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí



**Agallamh Anseo**

San agallamh is déanaí inár sraith físeán Todhchaí Oideachais & Oiliúna in Éirinn, labhraíonn Ard-Rúnaí BOOÉ Paddy Lavelle le hÁine Lynch, POF Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí.
In agallamh leathan, labhraíonn Áine, a d'fhág an scoil ag 16, faoina turas oideachais agus na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le bheith i gceannas ar an gcomhChomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse agus Iar-bhunoideachais. Pléann sí freisin dúshláin maidir le hathchóiriú curaclaim, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus cé go mb'fhéidir gur fhágamar Covid inár ndiaidh, níor fhág Covid cuid dár scoláirí ina dhiaidh ó thaobh meabhairshláinte de.

San eagrán seo 'ar ais ar scoil' de Naisc , labhraímid freisin le Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, an Dr Lynn Ramsey



## San Eagrán seo gheobhaidh tú freisin:

*Lá i Saol...........Rúnaí Scoile; Nuacht BOO & Óige; Imeachtaí atá le teacht.*




Léigh tuilleadh

## Guth an fhoghlaimeora i lár an aonaigh ag Comhdháil BOOÉ

Beidh guth na bhfoghlaimeoirí san oideachas, saoránacht & daonlathas mar théama ag Comhdháil Bhliantúil BOOÉ na bliana seo a bheidh ar siúl in Óstán Clayton Whites, Loch Garman ar an 25ú & 26ú Meán Fómhair.
De bharr go bhfuil buiséad agus olltoghchán ar an mbealach, beidh blas polaitiúil ar chomhdháil na bliana seo le Ivan Yeats mar fhear an tí, le POF an Choimisiúin Toghcháin Art O'Leary agus díospóireacht phainéil leis na hurlabhraithe oideachais ó na páirtithe polaitiúla a fhiosróidh cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist le clár nua rialtais do BOOnna.



Agallamh Anseo

## Agallamh leis an Dr Lynn Ramsey, Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta

I móragallamh le Paddy Lavelle, labhraíonn an Dr Lynn Ramsey ón gComhairle Mhúinteoireachta faoi na dúshláin a bhaineann le soláthar múinteoirí a chomhlíonadh, níos mó éagsúlachta a bhaint amach i ngairm na múinteoireachta in Éirinn, agus an ceangal láidir atá aici le Dún na nGall.




## Tugann Blasmhodúil iVET léiriú ar chonairí BOO do dhaltaí scoile

Beidh modúil Ghairmoideachais agus Ghairmoiliúna tosaigh nó modúil iVET ar fáil mar chuid de Chlár na hIdirbhliana sa bhliain acadúil 2024/25. Tabharfaidh na modúil sin blaiseadh den ghairmfhoghlaim agus de na heispéiris a bhaineann léi do mhic léinn iar-bhunscoile agus leagfaidh siad béim ar eispéiris agus ar an éagsúlacht a bhaineann leis na conairí Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) atá oscailte dóibh. Tá sé mar aidhm ag cuimsiú an mhodúil iVET i gClár na hIdirbhliana tacú le cláir reatha a bhfuil scoileanna agus soláthraithe BOO ag gabháil dóibh faoi láthair, an deis do scoileanna ar fud na tíre a chur chun cinn agus feabhas a chur ar acmhainneacht na gconairí ó scoil go BOO. Deartha mar mhodúl solúbtha ar féidir é a bheith fite fuaite le haon bhlaschúrsa breisoideachais agus oiliúna a thairgeann soláthraí BOO agus é a sheachadadh tríothu, tugann an modúl iVET deis do mhic léinn iniúchadh a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí trí theagmháil phraiticiúil le BOO. Is dócha go reáchtálfar feachtas bolscaireachta ar fud na tíre maidir le hinfhaighteacht an mhodúil sin sa bhliain acadúil 2024/25

Ceangail
Nuachtlitir BOOÉ

## D'éirigh go maith leis an chéad Chomhdháil Náisiúnta Óige BOO




Léigh tuilleadh

D'fhreastail níos mó ná 150 oibrí óige, Oifigeach Óige BOO agus páirtithe leasmhara óige ar an gcéad chomhdháil Cúrsaí Oibre Óige i mí an Mheithimh. I measc na n-imeachtaí, a forbraíodh i gcomhar le BOO Luimnigh & an Chláir, bhí eochairchainteanna agus díospóireachtaí painéil ar thionchar na h-oibre óige , ar chruthaitheacht, ar éagsúlacht agus ar easpa dídine na n-óg. Ina aitheasc, d'iarr Ard-Rúnaí BOOÉ Paddy Lavelle ar an rialtas maoiniú a thabhairt ar ais d'obair óige go dtí na leibhéil a bhí ann roimh ré na déine, agus cothroime pá a chinntiú d'oibrithe óige. Agus ó bhí an chomhdháil ann, tugadh cuireadh do BOOÉ a bheith páirteach san fhóram beartais náisiúnta um leanaí agus daoine óga a bhfuil tionchar aige, cuid lárnach de Chreat Éire Óg.

## Tugann Scoil Samhraidh BOOÉ aghaidh ar na phríomhdhúshláin a théann i bhfeidhm ar Mheán-Cheannairí




Léigh tuilleadh

Reáchtáil BOOÉ a tríú Scoil Samhraidh Bhliantúil do Mheán-Cheannairí i Scoileanna BOO in Ollscoil Luimnigh. "Ceannaireacht a Chothú do Dhomhan atá ag Athrú " an téama a bhí i gceist agus bhí léachtaí, obair ghrúpa agus foghlaim lasmuigh mar pháirt de chruinniú na bliana seo chun tacú lena dturas ceannaireachta. I measc na gcainteoirí ar cuairt bhí an Síciteiripeoir Leanaí & Ógánach Colman Noctor agus an tOllamh Patricia Mannix McNamara.

## Comhoibríonn BOOnna chun freastal ar dhúshláin earcaíochta



Poist BOO

Tá pearsanra Cumarsáide agus Acmhainní Daonna BOO ag comhoibriú chun cur chuige comhroinnte a fhorbairt ar fud na hearnála chun próifíl 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann mar fhostóirí a threisiú.

Cuimseoidh an tionscadal, a bhfuil sé mar aidhm aige aird a tharraingt ar fhairsinge na ndeiseanna fostaíochta atá ar fáil agus ar ghnéithe uathúla díolacháin na mBOOnna mar fhostóirí, físghrafaíocht/grianghrafadóireacht d'ardchaighdeán le húsáid i bhfeachtais náisiúnta agus áitiúla. Táthar ag súil leis an bhfeachtas a sheoladh go luath in 2025.

Ceangail
Nuachtlitir BOOÉ

## Lá i Saol............................ Rúnaí Scoile



I ngach eagrán, buailimid le ball foirne ó BOO chun foghlaim faoina ról. Anseo labhraímid le Rúnaí Scoile i gColáiste Pobail an Mhuilinn Chearr, Bríd Kiernan, sa phictiúr anseo leis an Tánaiste Micheál Martin. Tá sí ina rúnaí scoile le BOO an Longfoirt & na hIarmhí (agus an CGO roimhe sin) le beagnach 40 bliain anuas, agus tá an-mheas ag baill foirne agus ag mic léinn uirthi.
Féach anseo le haghaidh tuilleadh eolais.

## Imeachtaí atá le teacht:

- COMHDHÁIL BHLIANTÚIL BOOÉ - LOCH GARMAN - 25/26 MEÁN FÓMHAIR
- COMHDHÁIL AIRGEADAIS - BAILE ÁTHA LUAIN - 15/16 DEIREADH FÓMHAIR
- COMHDHÁIL MAIDIR LE GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE - BAILE ÁTHA LUAIN - 17 DEIREADH FÓMHAIR
- IMEACHT GAIRMTHREORACH AE - BAILE ÁTHA LUAIN - 24 DEIREADH FÓMHAIR

COMHDHÁIL BOO BOOÉ
26 - 27 FEABHRA
2025
SLIGEACH

#SEACHTAIN BOO
24-28 Márta 2025

## Poist BOO:

https://www.etbi.ie/ga/etb-recruitment/

## Podchraoltaí BOO

THE JOURNEY
IT'S NOT JUST ABOUT THE DESTINATION




PodcastLepollard
Castlepollard Community College

Let's Talk Ethos

Enter to Win!

**Freagair ár suirbhé gearr le seans a bheith agat dearbhán bronntanais All Gifts €250 a bhuachan**

CLICK HERE

An bhfuil scéal agat don nuachtlitir? Seol ríomhphost chugainn ag media@etbi.ie